



Riarthóir agus Rúnaí na Comhairle

Is Comhlacht reachtúil neamhspleách í Comhairle Chomhairleach Bhuiséadach na hÉireann (IFAC) a bunaíodh mar chuid de chlár leasaithe níos forleithne maidir le hollstruchtúr bhuiséid na hÉireann. Tá ról tábhachtach aici measúnú a dhéanamh ar réamhaisnéis mhaicreacnamaíochta agus bhuiséid, monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh rialacha fíoscacha na hÉireann agus an AE, agus comhairle a thabhairt maidir le polasaí fíoscach. Féach www.FiscalCouncil.ie le haghaidh tuilleadh eolais faoi IFAC.

Táimid ag iarraidh Riarthóir agus Rúnaí don Chomhairle a earcú. Oibreoidh an t-iarrthóir a n-éireoidh leis taobh le seisear eacnamaíche agus beidh siad ag obair go dlúth le baill na Comhairle a thagann ón saol acadúil, meithleacha machnaimh agus eagraíochtaí idirnáisiúnta. Beidh Riarthóir agus Rúnaí na Comhairle freagrach don Phríomheacnamaí/Ceann na Rúnaíochta.

Ar phríomhfheagrachtaí an ról, tá:

- Tacú leis an gComhairle maidir le cúrsaí riaracháin, airgeadais, agus rialachais, lena n-áirítear ceanglais faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)
- Tacaíocht a thabhairt d'obair Choiste Iniúcháireachta agus Riosca an IFAC.
- Polasaithe agus nósanna imeachta a fhorbairt go háirithe i réimse na reachtaíochta a chomhlíonadh, seirbhísí comhroinnte, iniúcháireacht, riosca, cuntais, agus AD/Pearsanra.
- Ról an Oifigigh um Shaoráil Faisnéise, an Oifigigh Cosanta Sonraí, agus ról eile maidir le ceanglais reachtúla a chomhlíonadh.
- Meastacháin ar chaiteachas a ullmhú in aghaidh na ráithe agus in aghaidh na bliana, agus maoirseacht a dhéanamh ar chuntais, ar bhuiséadú agus ar chórais tuairiscithe IFAC, lena n-áirítear tuairisciú ar chomhlíonadh thiomantas 15-Lá an Rialtais le híocaíocht phras a dhéanamh.
- Suíomh gréasáin agus cuntais mheán sóisialta IFAC a bhainistiú agus a fheabhsú.
- Próisis fhoilseacháin agus dháilte le haghaidh tuairiscí IFAC a bhainistiú, chomh maith le cumarsáid meán atá bainteach léi a dháileadh agus seisiúin eolais don phreas a eagrú.
- Freagra a thabhairt ar Cheisteanna Parlaiminte, agus idirchaidreamh a dhéanamh le páirtithe leasmhara IFAC, go háirithe soláthraithe seirbhísí, ranna rialtais, foireann an Oireachtais, an preas, agus an pobal.
- Ag cuidiú leis an bPríomheacnamaí obair na Rúnaíochta a chomhordú.
- Bainistíocht ghinearálta oifige lena n-áirítear córais oifige a cheapadh agus a choinneáil, cruinnithe agus imeachtaí a phleanáil, ag déileáil le fiosrúcháin ghutháin agus r-phoist, seirbhísí corparáideacha a bhainistiú agus idirchaidreamh a dhéanamh ina leith.
- Socruithe lóistíochta agus riaracháin le haghaidh chruinnithe na Comhairle lena n-áirítear taisteal, áiseanna cruinnithe, cáipéisí cruinnithe a dháileadh, agus miontuairiscí a ghlacadh.

Ba chóir go mbeadh na gnéithe seo a leanas ag an iarrthóir a n-éireoidh leis:



- Taithí ar riarachán na hearnála poiblí agus eolas maith ar rialachas agus oibleagáidí reachtúla comhlachtaí stáit.
- Taithí ar thuiriscíú buiséid agus airgeadais, tuiscint dhaingean ar nósanna imeachta cuntasaíochta agus iniúchóireachta go ginearálta, agus taithí ar sholáthar na hearnála poiblí.
- 4-5 bliain taithí i ról bainistíocht riaracháin/oifige.
- Céim tríú leibhéal. Tá sé inmhianaithe go mbeadh Eacnamaíocht mar chomhpháirt den chéim ach níl sé riachtanach.
- Taithí ar chruinnithe, teoracha eolais, comhdhálacha a eagrú, etc.
- Ardchumas scileanna TFC i bhfeidhmchláir oifige agus córais ata bunaithe ar néalríomhaireacht/ar an idirlíon.
- Taithí ar bhainistíocht gréasáin agus na meáin shóisialta, agus eolas ar dhea-chleachtais i ndearadh gréasáin sho-aimsithe.
- Sárscileanna bainistíocht ama, eagraíochta agus comhordaithe, tascanna iomadúla a chur in ord tosaíochta agus cloí le spriocanna gan ach fíorbheagán maoirseachta.
- Tréithe Pearsanta: tionscnaíocht agus freagracht, aird a dhíriú ar cháilíocht, éifeachtúlacht agus cruinneas, solúbthacht, féin-bhainistíocht agus féin-fhorbairt, ardsbileanna idirphearsanta agus cumarsáide, pointeáilteacht.

Ní mór d'iarrthóirí ar spéis leo an post seo cur isteach air trí r-phost a chur chuig jobs@fiscalcouncil.ie faoi Dé Sathairn 29 Meán Fómhair 2018. Ba chóir go gcuirfidh iarrthóirí a bhfuil suim acu sa ról litir mhínte isteach agus a n-oiriúnacht don phost a chur in iúl, chomh maith le foirm iarratais líonta isteach agus CV. Ní ghlacfar le hiarratais atá mall nó neamhiomlán. Cuirfear socruithe iasachta agus conarthaí ar théarma seasta san áireamh, agus d'fhéadfadh post buan a bheith ann, tar éis tréimhse phromhaidh.

Is ionann an scála pá a gheobhaidh an té a cheapfar agus Ardoifigeach Feidhmiúcháin (caighdeánach) PPC laistigh de státseirbhís na hÉireann.

Cuirfear buíochas in iúl do gach iarratas. Tá an Chomhairle tiomanta do chomhdheiseanna agus do roghnú ar bhonn fiúntais.

Beidh an t-iarrthóir a n-éireoidh leis bunaithe in oifigí Chomhairle Chomhairleach Bhuiséadach na hÉireann i mBaile Átha Cliath 2.